Taobh Tíre
seirbhís leabharlainne níos fearr do mhuintir na tuaithe

Is ceantar tuaithe den chuid is mó é Contae Dhún na nGall, agus tá an daonra scaipthe go maith; fíorchontae tuaithe atá ann agus gan mórán eile mar é sa Stát. D'aithin An Straitéis; Straitéis an Chontae d'Fhorbairt Eacnamaíoch, Shóisialta agus Chultúrtha 2002-2012, d'aithin sí gur phríomhchuspóir le baint amach agus gur chomhthéama lárnach é cothabháil na bpobal tuaithe.

Tá Comhairle Contae Dhún na nGall ag déanamh taighde ar dhóigheanna le feabhas a chur ar na seirbhísí do phobail iargúlta. Tá sé i gceist go mbeidh páirt dhíreach ag na seirbhísí leabharlainne sa tionscadal ar fud an chontae.

Cuspóirí

- scrúdú a dhéanamh ar an soláthar atá ann cheana féin do phobail tuaithe in Éirinn, seirbhísí taistil leabharlainne san áireamh;
- scrúdú a dhéanamh ar mhodhanna úra seachadta ó thaobh seirbhísí de, ina measc seirbhísí comparáideacha an AE agus Idirnáisiúnta do na pobail iargúlta i gContae Dhún na nGall: oileáin, leithinsí, agus sráidbhailte/bailte beaga;
- a oibriú ar mhaithe le pobail tuaithe a chothabháil agus le leabharlanna agus seirbhísí cultúrtha a chomhtháthú le tograí sóisialta agus eacnamaíochta;
- tuairisc a dhéanamh ina mbeidh torthaí agus moltaí don soláthar seirbhíse tuaithe go náisiúnta agus na torthaí seo a scaipeadh; agus
- na torthaí a chomhshnaidhmiú le hoibriú na Seirbhíse Leabharlainne agus le pleanáil straitéiseach agus le forbairt pholasaí go náisiúnta san am atá romhainn.

An Tionscadal a Reáchtáil

Tá ceithre pháirtnéir sa tionscadal (Seirbhís Leabharlainne Chomhairle Contae Dhún na nGall; Rannóg Pobail agus Fiontair Chomhairle Contae Dhún na nGall;

Rannóg Chórais Eolais Chomhairle Contae Dhún na nGall; agus Comhairle Leabharlanna na hÉireann), agus tá ionadaíocht acu uilig ar Choiste Bainistíochta an Tionscadail. Is í Seirbhís Leabharlainne Chomhairle Contae Dhún na nGall a dhéanann cathaoirleacht agus obair rúnaíochta ar an Choiste. Is í Eibhlín Bhrugha Comhordaitheoir an Tionscadail.

Staid Reatha

Tá an tréimhse taighde deisce thart anois agus tá tuairiscí ullmhaithe. Ba é Rannóg Taighde agus Polasaí Chomhairle Contae Dhún na nGall a rinne an taighde taobh istigh den chontae. Chuathas i gcomhairle go domhain leis na príomhpháirtithe leasmhara le riachtanais a mheas agus le deiseanna a aithint. Rinne Comhairle Leabharlanna na hÉireann taighde deisce ar mhúnlaí sárchleachtais go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta.

Tá Coiste Bainistíochta an Tionscadail ag déanamh machnaimh san am i láthair ar thorthaí agus ar mholtaí an phróisis taighde agus chomhairliúcháin. Rachfar i gcomhairle chomh maith le gníomhaireachtaí agus le coistí pobail a d'fhéadfadh a bheith ina bpáirtnéirí. Léirigh an taighde go raibh dea-thoil ann i leith na seirbhíse leabharlainne, ach go raibh easpa eolais ann maidir le seirbhís a chur ar fáil ar dhóigh úr nua-nósach nó neamhthraidisiúnta.

Múnlaí á scrúdú

- **Múnla TFC (Teicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide)**, rochtain a sholáthar ar an WebOPAC in ionad pobail nó in aon fhoirgneamh eile nach leabharlann é, agus leabhair agus dlúthdhioscaí a sheachadadh de réir mar a iarrtar iad.
- **Comhpháirtíocht idir-ghníomhaireachta** ina dtéann an tseirbhís leabharlainne i bpáirtnéireacht struchtúrtha le gníomhaireachtaí eile stáit, réigiúnacha agus/nó áitiúla. Scrúdófar deiseanna comhtháite le tograí eile a dhíríonn ar phobail tuaithe a chothabháil.

- **Comhpháirtíocht phobail** ina gcuirtear "ionad leabharlainne" i gceantar nach bhfuil an pobal mór go leor le leabharlann neamhspleách a chothabháil. D'fhéadfadh dhá ionad nó níos mó comhoibriú le chéile le freastal ar riachtanais phobail scaipthe.

Táthar ag amharc fosta ar chnuasaigh ábhar "mealltach" a dhíríonn ar na riachtanais atá ag spriocghrúpaí ar leith, leabharlann/scéalaíocht i gcampaí samhraidh, naisc le Tograí Taistil Tuaithe atá ag feidhmiú i gcodanna éagsúla den chontae san am i láthair, comhpháirtíocht le pobail oileáin ag teacht ar WebOPAC trí naisc shatailíte, agus an tseirbhís taistil leabharlainne atá ann san am i láthair a leathnú. Ós rud é go bhfuil Dún na nGall ag críochantacht le Doire, Tír Eoghain agus Fear Manach, d'fhéadfadh gné thrasteorann a fhorbairt. Is féidir go ndéanfar na múnlaí seo a mheascadh le chéile nó iad a fhorbairt go neamhspleách óna chéile. Cuirfear san áireamh múnlaí eile nach bhfuil cur síos orthu anseo.

An Chéad Chéim Eile

I ndiaidh tuilleadh comhairliúcháin a dhéanamh, glacfar na cinntí deireanacha maidir le múnlaí píolótacha agus ceantair phíolótacha. Cuirfear tús ansin leis an tréimhse chomhlíonta ina mbunófar na múnlaí de réir a chéile. Déanfar monatóireacht agus athbhreithniú ar an tionscadal ar bhonn leanúnach. Beidh moltaí i dtuairisc dheireanach an tionscadail maidir leis na seirbhísí a fhorbairt san am atá le teacht. Beidh tionchar ag na torthaí ar pholasaithe agus straitéisí náisiúnta ar mhaithe le seirbhísí feabhsaithe a chur ar fáil do phobail iargúlta.

Le tuilleadh eolais a fháil faoi Taobh Tíre thig leat teagmháil a dhéanamh le:
Liam Ó Rónáin, Leabharlann Contae Dhún na nGall agus Bainisteoir Rannóige, Ionad Riaracháin, Rosemount, Leitir Ceanainn, Contae Dhún na nGall.
Guthán: 074 91 21968
Ríomhphost: lronayne@donegalcoco.ie
Nó
Eibhlín Bhrugha, Comhordaitheoir an Tionscadail, Leabharlann Chontae Dhún na nGall, Aonad 7, Bóthar Thorn, Magherennan, Leitir Ceanainn, Contae Dhún na nGall.
Guthán: 074 91 68743
Ríomhphost: eburgess@donegalcoco.ie